Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12058/26**

**AG 123**
**INST 298**
**SOC 508**
**FREMP 258**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4721 final |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 7.7.2026 maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Bunioncam Neamhchoinníollach (BINC) a thabhairt isteach ar fud an Aontais Eorpaigh', de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4721 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 4721 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 7.7.2026
C(2026) 4721 final

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

**an 7.7.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Bunioncam Neamhchoinníollach (BINC) a thabhairt isteach ar fud an Aontais Eorpaigh', de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.7.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Bunioncam Neamhchoinníollach (BINC) a thabhairt isteach ar fud an Aontais Eorpaigh', de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh[1], agus go háirithe Airteagal 6(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Bealtaine 2026 rinneadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Bunioncam Neamhchoinníollach (BINC) a thabhairt isteach ar fud an Aontais Eorpaigh' a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Maidir leis an iarraidh ar chlárú a cuireadh isteach an 14 Bealtaine 2026, chuir an Coimisiún in iúl don ghrúpa d'eagraithe, trí litir dar dáta an 15 Meitheamh 2026 (C(2026) 4069 final), agus de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/788, gur comhlíonadh na ceanglais maidir le clárú a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointí (a), (d) agus (e), den Rialachán sin agus nach raibh Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de infheidhme. Mhínigh an Coimisiún freisin, áfach, gur follas nach dtagann an tionscnamh faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme, de réir bhrí Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/788.

(3) Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún na heagraithe ar an eolas de bhun Airteagal 6(4), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/788 go bhféadfaidís an tionscnamh a leasú chun measúnú an Choimisiúin a chur san áireamh, nó an tionscnamh tosaigh a choimeád ar bun, nó a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2019/788.

(4) An 16 Meitheamh 2026 chuir an grúpa d'eagraithe tionscnamh leasaithe isteach dar teideal 'Bunioncam Neamhchoinníollach (BINC) a thabhairt isteach ar fud an Aontais Eorpaigh'.

(5) Is é is aidhm don tionscnamh leasaithe, mar a chuir na heagraithe in iúl é, 'Bunioncam Neamhchoinníollach (BINC) a bhunú san Aontas Eorpach'. Tugann na heagraithe dá

[1] IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj

n-aire 'i bhfianaise na bhforbairtí gasta san intleacht shaorga agus sa róbataic, go bhfuil géarghá ann ár slite beatha a dhíchúpláil ón gcumas ár gcumhacht saothair a dhíol, ó tharla nach leor an líon post a bheidh ann dúinn go luath.' Dá bhrí sin, iarrann na heagraithe ar an gCoimisiún Eorpach 'na céimeanna dlíthiúla uile is gá a ghlacadh a d'fhéadfadh cabhrú chun BINC a thabhairt isteach i mBallstáit an Aontais, agus moladh a eisiúint do na Ballstáit obair a dhéanamh chun BINC a thabhairt isteach.' In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tá tuilleadh sonraí maidir lena chúlra, leis an ábhar atá ann agus leis na cuspóirí a bhaineann leis.

(6) Measann an Coimisiún, ar bhonn Airteagal 121(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go bhféadfadh sé a mholadh don Chomhairle dréacht a cheapadh maidir le mór-threoirlínte bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí ina leith sin. Ar bhonn na conclúide ón gComhairle Eorpach, féadfaidh an Chomhairle moladh a ghlacadh ina leagfar amach na mór-threoirlínte sin. Ar an gcaoi chéanna, ar bhonn Airteagal 148(2) CFAE, d'fhéadfadh an Coimisiún a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle treoirlínte a tharraingt suas, i bhfoirm cinneadh ón gComhairle, ar bhonn na gconclúidí ón gComhairle Eorpach, treoirlíntí a chuirfidh na Ballstáit san áireamh ina mbeartais fostaíochta.

(7) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(8) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(9) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(10) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'Bunioncam Neamhchoinníollach (BINC) a thabhairt isteach ar fud an Aontais Eorpaigh' a chlárú.

(12) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar aon bhealach go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus eisean amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Bunioncam Neamhchoinníollach (BINC) a thabhairt isteach ar fud an Aontais Eorpaigh' a chlárú.

*Airteagal 2*

Tá an cinneadh seo dírithe ar an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Bunioncam Neamhchoinníollach (BINC) a thabhairt isteach ar fud an Aontais Eorpaigh', grúpa a bhfuil Klaus SAMBOR agus Michele GIANELLA ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 7.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Maroš ŠEFČOVIČ*
*Comhalta den Choimisiún*